

## Turas Foghlama an Scoláire

### An 1ú Bliain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

### An 2ú Bliain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

#### Measúnú Rangbhunaithe 1

*Feidhmiú córais smachtaithe a fhiosrú i gcomhthéacs áitiúil*

Bíonn múinteoirí páirteach i gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

### An 3ú Bliain

Forbraíonn scoláirí eolas, tuiscint, luachanna agus scileanna trí dhul i ngleic le torthaí foghlama

Cabhraíonn measúnú foirmitheach leis an bhfoghlaim seo

#### Measúnú Rangbhunaithe 2

*Féin-Anailís agus Measúnú*

Bíonn múinteoirí páirteach i gCruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Scrúdú CSS  
Tionscadal – 70%  
Scrúdú Scríofa – 30%

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

## Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

[www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)

Is é seo suíomh na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) áit ar féidir teacht ar príomhdhoiciméid amhail Sonraíocht Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí agus Treoirínte Measúnaithe don Theicneolaíocht Fheidhmeach

[www.jct.ie](http://www.jct.ie)

Is é seo an suíomh do sheirbhís tacaíochta scoileanna an SSM. Bunaíodh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí chun múinteoirí a spreagadh, tacaíocht a chur ar fáil dóibh agus iad a chumasú chun oideachais na sraithe sóisearaí in Éirinn a athrú ó bhonn. Chun tuilleadh eolais a fháil ar Theicneolaíocht an Adhmaid, tabhair cuairt le do thoil ar an suíomh ábhair s'againn



Bain úsáid as an **gcód MF** chun dul díreach chuig [www.jct.ie](http://www.jct.ie)



Lean sinn ar Twitter @Jct4ed



Scannadh dom

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**  
for teachers




An tSraith Shóisearach Eolas ar an Teicneolaíocht Fheidhmeach



# Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí

Spreagann an Teicneolaíocht Fheidhmeach scoláirí chun an tuiscint choincheapúil, na scileanna araíonachta agus an t-eolas ábhair a fhorbairt a theastaíonn uathu chun fadhbanna an ghnáthshaoil a fhuascailt. Is féidir le teicneolaíochtaí nua tionchar a imirt ar an tsochaí agus ar an timpeallacht. Déanfaidh scoláirí anailís ar thairbhí agus ar thionchair ionchasacha agus iad ag déanamh cinntí maidir leis na réitigh dhearaidh s'acu, agus gan dearmad a dhéanamh ar an úsáideoir deiridh, na tionchair ar an timpeallacht agus ar fheidhmiúlacht a ndearaí.

## Struchtúr na Sonraíochta



Díríonn an tsonraíocht ar thuiscint agus ar scileanna scoláirí a fhorbairt in úsáid agus i dtionchar na dteicneolaíochtaí sa domhan thart orthu. Is trí na trí shnáithe idircheangailte a bhainfead é sin amach: **Prionsabail agus cleachtas**, **Fuinneamh agus rialú** agus **An teicneolaíocht agus an tsochaí**.

Ar fud gach ceann de na snáitheanna, tá ceithre ghné le fáil **Anailís a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach**, **Dearadh agus nuálaíocht**, **Pleanáil, bainistiú agus cruthú** agus **Cumasáid** chun creat a chruthú d'fhoghlaim scoláirí.

## Torthaí Foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar Theicneolaíocht an Adhmaid sa tSraith Shóisearach. Tá tríocha dá thoradh foghlama ann Teicneolaíocht Fheidhmeach.

## Eispéiris Foghlama

Beidh na scoláirí ina rannpháirtithe gníomhacha ina gcuid foghlama. Is í an aidhm atá ag an Teicneolaíocht Fheidhmeach an claonadh chun fiosraithe, nuálaíochta, cruthaíochta, agus féin-éifeachtúlachta a spreagadh. Forbróidh scoláirí teacht aniar trí chritíc dhearfach agus tacaíocht a thabhairt dá gcuid foghlama i dtimpeallacht atá 'saor ó chliseadh'. Forbróidh scoláirí réitigh gearra ar thairbhí a bhaint as taithí agus trí fhianaise, réasúnaíocht, agus cinnteoireacht chun tionscadail ar ardchaighdeán a chruthú.



## Measúnú leanúnach

Cuireann an cur chuige déach i leith an mheasúnaithe leis an tábhacht a thugtar don Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) agus don mheasúnú foirmitheach. Is é a bheidh i gceist leis an measúnú ar an Teicneolaíocht Fheidhmeach- le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) - dhá MRB, grád stát-teistithe a gheofar ó thionscadal agus ó scrúdú deiridh scríofa.

### MRB 1:

Feidhmiú córais smachtaithe a fhiosrú i gcomhthéacs áitiúil

- Curtha i gcrích sa dara téarma den dara bliain
- Curtha i gcrích ag scoláirí ina n-aonar nó i ngrúpaí
- Fiosraíonn scoláirí córas smachtaithe atá ann cheana féin nó ceann a d'fhéadfadh a bheith ann
- Is féidir le scoláirí a gcuid torthaí a chur in iúl trí mheán ar bith a oireann

### MRB 2:

Féin-Anailís agus Measúnú

- Curtha i gcrích sa chéad téarma den tríú bliain
- Curtha i gcrích ag scoláirí ar bhonn aonair
- Déanann scoláirí anailís ar an obair chúrsa agus ar na scileanna atá acu sa Teicneolaíocht Fheidhmeach go dtí sin
- Saináithníonn scoláirí réimsí ina bhfuil láidreachtaí acu agus réimsí is gá a fheabhsú, d'fhonn bonn eolais a chur faoina gcuid pleanála agus cinntí maidir leis an tionscadal
- Is féidir le scoláirí a gcuid torthaí a chur in iúl trí mheán ar bith a oireann.

I ndiaidh gach Measúnaithe Rangbhunaithe (MRB) a chur i gcrích, bíonn múinteoirí rannpháirteach i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) chun foghlaim scoláirí a phlé agus chun cleachtas éifeachtach a roinnt. Déanann múinteoirí measúnú ar an dá MRB agus leas á bhaint acu as Gnéithe Cáilíochtaí mar atá leagtha amach sna Treoirlínte Measúnaithe atá curtha ar fáil ag gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM).

## Tionscadal agus scrúdú deiridh

Is ag an leibhéal comónta a dhéantar measúnú ar an Teicneolaíocht Fheidhmeach Nuair a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích, tabharfaidh na scoláirí faoi thionscadal. Críochnaítear an tionscadal i ndiaidh an dara MRB sa tríú bliain. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a shocraíonn an treoir dhearaidh le haghaidh an tionscadail agus a mharcálann é. Is fiú 70% de ghrád deiridh an CSS an tionscadal agus is ar an scrúdú scríofa a bhronnfar an 30% eile.

## ETIM (STEM)

Is mór a chuireann Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM) leis na hathruithe sa teicneolaíocht agus sa tsochaí i ndomhan seo ár linne. Cothaíonn agus spreagann Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí cuir chuige ETIM (STEM) i leith na foghlama, scileanna agus meonta.

